

Ábhar

Téacs Léitheoireachta

Foghlaim na Fraincise

Alt le PJ Mac Gabhann faoi fhoghlaim na Fraincise.

As an iris www.beo.ie (Márta 2010).

Le caoinchead ó eagarthóir www.beo.ie agus ón údar.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Foghlaim na Fraincise

Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt ina ndéanann PJ Mac Gabhann cur síos ar fhoghlaim na Fraincise. Sula léifidh tú an t-alt déan an réamhobair thíos.

Plé

- An rud éasca é foghlaim teanga, dar leat?
- Cad is brí le bheith ‘líofa’ i dteanga, dar leat?
- An gá cruinneas scríbhneoireachta i dteanga chun a bheith ‘líofa’?
- Cén scil teanga an ceann is tábhachtaí, dar leat: labhairt, éisteacht, léamh nó scríobh?
- Pléigh an ráiteas seo: ‘is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste’.
- Cad iad na teangacha eile atá agat? Conas a chuirfeá síos ar do chumas sna teangacha sin? Smaoinigh ar na scileanna go léir (labhairt, éisteacht, léamh, scríobh) agus tú ag déanamh do chur síos.

Tasc

San alt seo tugann an scríbhneoir roinnt eolais faoin bhFraincis mar theanga. Déan do mhachnamh ar na ceisteanna seo thíos agus ansin faigh an t-eolas cruinn san alt.

- Cé acu de na tíortha seo ina labhraítear Fraincis, dar leat? An Chambóid, An Chéinia, Maracó, Vítneam, An Liobáin, Ruanda, Háítí, Na hOileáin Philipíneacha.
- Cé acu de na teangacha seo is mó líon cainteoirí, dar leat? An Béarla, An Spáinnis, An Fhraincis.
- Luann an scríbhneoir an Fhraincis a bheith faoi bhrú san Aontas Eorpach. Cad a d’fhéadfadh a bheith i gceist aige leis sin, dar leat?

Léamh

- Anois léigh an t-alt agus aimsigh na focail nach dtuigeann tú san acmhainn chúí.
- Scríobh achoimre ar an méid a bhí le rá ag Raffarin.
- Tabhair freagra ar an ceisteanna seo:

Cad iad na rólanna atá ag Dominique Strauss-Kahn agus Jean-Claude Trichet?

Cad í an eachtra a luaitear maidir le Chirac?

Feasacht Teanga

- Cuir na focail agus na frásaí seo as an alt agus na cinn eile atá cosúil leo in abairtí a léireodh a mbrí agus a gceartúsáid.

ar a thoil	le toil	
teorainn	teoranta	
macasamhail		
a mhalairt	malartach	malartú
ceann scríbe		
seal		

- ‘an Ghaeilge, an Béarla agus an Fhraincis’

Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘Béarla’ thuas? Cad atá ar eolas agat faoi (i) athruithe tosaigh an ainmfhocail; (ii) conas a aithnítear inscne focail? Pléigh agus cuir an t-alt roimh na focail thíos.

aiste, sráid, seomra, seirbhís, óstán, abairt, gramadach, Gearmáinis, bileog, earráid, ceartúchán, oifigeach, oifig, meánscoil, cruinniú, iris, irisleabhar.

- ‘...an naoú teanga is mó a labhraítear ar domhan...’

Bain amach na lúibíní thíos:

an chéad (teanga)
an chéad (mac léinn)
an naoú (aiste)
an chéad (abairt)
an t-ochtú (abairt)
an ceathrú (bean)
an seachtú (seomra)

Cad é an difear idir ‘seachtó agus ‘seachtú’; ‘ochtó’ agus ‘ochtú’?

- Féach ar na frásaí thíos. Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa chló iodálach?

sna Náisiúin Aontaithe
obair na *Náisiún* Aontaithe

feachtais síochánaíochta
cúram na *bhfeachtas* síochánaíochta

Bain triail as na cinn seo – cuir sa ghinideach iolra iad. Tá an chéad cheann déanta.

obair + (mac léinn) obair na mac léinn
torthaí + (aiste)
ceartú + (tionscadal)
ainmneacha + (bean)
fadhbanna + (ceantar)
muintir + (oileán)
fad + (abairt)

Iarobair

Plé

- ‘...maidir le foghlaim teanga, ní dóigh liom go mbaintear riamh ceann scríbe amach...’ An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?
- ‘...taispeánann sé tábhacht na foghraíochta...’ Cé chomh tábhachtach is atá foghraíocht agus tú ag foghlaim teanga? Ar cuireadh béim ar an bhfoghraíocht agus tusa ag foghlaim na Gaeilge? Cad iad na príomhdhifriochtaí foghraíochta atá ann idir an Ghaeilge agus an Béarla?
- ‘...“Caithfidh go bhfuil Fraincis an-mhaith agat faoi seo.” Agus tá, ach tá teorainn léi...’

Má tá teorainn le do chuid Gaeilge, cén teorainn í? Cad iad na réimsí úsáide is mó a bhfuil tú ar do chompond iontu?

le cairde
ag labhairt le cainteoir dúchais
ag plé le léachtóirí
ag scríobh na teanga
ag plé nithe ar an gcúrsa litríochta

Tascanna

- Cad iad na teangacha is mó a úsáidtear i ngnó an Aontais Eorpaigh? Déan roinnt taighde. B’fhéidir go mbeadh na suímh ghréasáin seo a leanas cabhrach duit: <http://ec.europa.eu/education/languages/> agus www.eblul.org.
- Cén stádas atá ag an nGaeilge san Aontas Eorpach? Déan roinnt taighde.

- Má tá staidéar déanta agat ar theanga iasachta eile, déan cur síos ar na difríochtaí a bhí idir do thaithí foghlama sa teanga sin agus do thaithí foghlama sa Ghaeilge.
- Déan cur síos ar na hiarrachtaí atá déanta agat ó thús na bliana acadúla feabhas a chur ar do chuid Gaeilge.

Téacs

Níl sé furasta teanga eile a fhoghlaim ná níl an saol sách fada le haon teanga amháin a fhoghlaim i gceart, dar le PJ Mac Gabhann.

Tá Fraincis measartha maith agam. Deirtear i nGaeilge go mbíonn duine ‘líofa’ i dteanga nó go mbíonn an teanga ‘ar a thoil’ aige. ‘Maîtriser une langue’ a deirtear i bhFraincis arb ionann sin agus máistreacht a fháil ar theanga. Is é an briathar ‘to master’ a deirtear sa Bhéarla maidir le foghlaim teanga chomh maith. Tá sé deacair orm an mháistreacht seo a shamhlú. Cheapfá gur ag iarraidh capall a bhriseadh nó gasúr i fiáin a smachtú a bheadh i gceist.

Tá seacht mbliana caite agam sa Fhrainc ón bhliain 2000 i leith. Deir daoine liom: ‘Caithfidh go bhfuil Fraincis an-mhaith agat faoi seo.’ Agus tá, ach tá teorainn léi. Bhí mé ag an amharclann le déanaí, cuirim i gcás, agus déarfainn nár thug mé liom ach trí cheathrú den dráma. Agus ní hé go raibh an locht ar an dráma ná ar na haisteoirí! Nó bíonn sé le rá ag daoine corruair: is breá liom an blas beag atá agat. Ní úsáidtear an focal ‘iasachta’ i mo leith ach sin a bhíonn i gceist. Ach fan go gcloise tú céard a tharla dom an tseachtain seo caite.

Toisc go mbím ag obair sa bhaile den chuid is mó, is minic a théim amach tar éis lóin chun cupán caife a fháil agus an páipéar nuachta a léamh. Bíonn sé go deas a bheith i gcomhlúadar daoine eile cé nach mbíonn ach aithne shúl agam ar a bhformhór. Ní bhíonn i gceist go hiondúil ach fiche nóiméad, b’fhéidir leathuair an chloig ar a mhéid. Tá aithne agam ar fhear an tí anois san áit a dtéim agus mura mbíonn sé gafa ag cúrsaí, caithimid seal ag caint faoi chúrsaí spóirt nó ag trácht ar an aimsir.

Bhí duine nua romham an lá áirithe seo. Bheannaigh mé di agus d’ordaigh mé cupán caifé uaithe. ‘Un double express, s’il vous plaît,’ a dúirt mé. Thug sí gloine beorach dom. D’fhéach mé uirthi agus ionadh orm. ‘Caithfidh go bhfuil dul amú ort,’ a dúirt mé léi. ‘Níor ordaigh mé é sin.’ Thóg sí ar ais é agus olc uirthi, í ag rá faoina hanáil gur chuala sí ‘demi-pression’, téarma a chiallaíonn gloine beorach.

Ach bhí scéal chomh maith céanna ag mo bhean chéile. Bhí sí istigh sa bhaile mór lá agus bhuail sí isteach i gcaife chun greim a ithe. D’iarr sí ar an bhfreastalaí blúire ime a thabhairt di, ‘du beurre’ a dúirt sí. Tháinig sé ar ais agus dhá ghloine beorach aige di toisc gur cheap sé go ndúirt sí ‘deux bières’. Agus bhí sí léi féin! Murab ionann agus mo mhacasamhail féin, ní chuireann míthuiscintí mar sin isteach uirthi a bheag ná a mhór. A mhalairt ar fad, baineann sí spraoi astu. Ach taispeánann sé tábhacht na foghraíochta.

Maidir le foghlaim teanga, ní dóigh liom go mbaintear riamh ceann scríbe amach. Ach is iontach an turas é. Níl ach trí theanga ar eolas agam – an Ghaeilge, an Béarla agus an Fhraincis – agus ba bhreá liom dá mbeadh teanga nó dhó eile

agam. Ach rachadh sé géar orm tús a chur leis an turas teanga eile seo, anois go bhfuil a fhios agam cé chomh fada is atá an ród a bheadh romham.

Chuala mé iarphríomhaire na Fraince, Jean-Pierre Raffarin, ar an raidió an lá cheana agus é ag caint faoi chúlú na Fraincise mar theanga idirnáisiúnta le roinnt blianta anuas. Ag labhairt dó tar éis bualadh le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki-moon, dúirt Raffarin: ‘In ainneoin gur teangacha oibre iad araon an Fhraincise agus an Béarla sna Náisiúin Aontaithe, is é an Béarla is mó a úsáidtear i ngnáthobair laethúil na heagraíochta. Is minic, mar shampla, a chuirtear brú ar Fhrainciseoirí an Béarla a úsáid le linn preasagallaimh nó cur i láthair toisc go mbíonn na meáin chumarsáide idirnáisiúnta á éileamh. Caithfear an stádas atá ag an bhFraincise a chosaint.’

Luíonn sé le réasún, dar le Raffarin, go mbeadh áit lárnach ag an bhFraincise in obair na Náisiún Aontaithe. Toisc go bhfuil 55% d’fhórsaí na Náisiún Aontaithe ar fiannas i dtíortha ina labhraítear an Fhraincise, go leor acu ar Mhór-Roinn na hAfraice, cén fáth nach ndéantar cinnte de go mbeidh na fórsaí coimeádta síochána nó na daoine a bhfuil obair forbartha nó faoisimh ar siúl acu sna tíortha sin líofa sa Fhraincise? Ní hamhlaidh atá faoi láthair, dar leis.

Bhí cainteanna ag Raffarin le Alain Le Roy, iarthaidhleoir de chuid na Fraince a bhfuil cúram na bhfeachtas síochánaíochta air sna Náisiúin Aontaithe, ag súil leis an scéal a chur ina cheart. Dúirt Raffarin lena chois sin go raibh sé i gceist aige casadh le Dominique Strauss-Kahn, Stiúrthóir an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, agus le Jean-Claude Trichet, Uachtarán Bhanc Ceannais na hEorpa, chun a iarraidh orthu tosaíocht a thabhairt don Fhraincise ina gcuid oibre féin taobh istigh de na heagraíochtaí sin.

Feictear go bhfuil an Fhraincise faoi bhrú in Aontas na hEorpa chomh maith. Chuir Jacques Chirac in iúl sa bhliain 2006 agus é ina uachtarán ar an bhFrainc, nach bhfanfadh sé i láthair ag cruinniú a bhí ar siúl sa Bhruiséil nuair a thug an cainteoir, Ernest-Antoine Seillière, le fios go raibh sé i gceist aige a chur i láthair a dhéanamh trí mheán an Bhéarla. Bhí ionadh ar Chirac go ndéanfadh Seillière, ar Francach é, a leithéid. Thug Seillière le fios go raibh sé ar intinn aige an Béarla a úsáid ‘toisc gurb é teanga an lucht gnó é.’ Le mórchuid mustair agus mórdhála, d’fhág Chirac an cruinniú!

In ainneoin gurb í an Fhraincise an naoú teanga is mó a labhraítear ar domhan le thart ar dhá chéad milliún cainteoir, i bhfad taobh thiar den Bhéarla (billiún cainteoir) agus an Spáinnis (500 milliún cainteoir), is léir nach bhfuil an seasamh céanna aici is a bhíodh in áiteanna mar an Chambóid, Vítneam, an Liobáin, Ruanda, agus Háítí - áiteanna a bhfuil an Béarla ag fáil an lámh in uachtar de réir a chéile.

Beidh eagraíocht na dtíortha ina labhraítear Fraincise, an Organisation Internationale de la Francophonie, ag ceiliúradh dhá scór bliain ar an bhfód ar an 20 lá den mhí seo, Márta 2010.

As an iris www.beo.ie (Márta 2010).
Le caoinchead ó eagarthóir www.beo.ie agus ón údar.